Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2024/5543

23.9.2024

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5543)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 6383	16 Meán Fómhair 2024	trí-ocsaíd chróimiam (CE Uimh. 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Kludi GmbH & Co. KG, Am Vogelsang 31-33, 85706, Menden, an Ghearmáin	REACH/24/32/0	Plátáil cróim fheidhmiúil lena mbaineann gné mhaisiúcháin ar fhoshraitheanna miotail agus plaistigh le haghaidh feidhmeanna sláintíochta	An 31 Nollaig 2028	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.
			Kludi-Armaturen Austria Ges.m.b.H, Neufelder Straße 17, 7053 Hornstein, an Ostair	REACH/24/32/1			
			Kludi GmbH & Co. KG, Am Vogelsang 31-33, 85706, Menden, an Ghearmáin	REACH/24/32/2	Réamhchóireáil ('eitseáil') foshraitheanna plaistigh agus úsáid á baint as trí-ocsaíd chróimiam i bpróisis leictreaphlátála le haghaidh feidhmeanna sláintíochta		

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5543/oj